



**Iarraidh ar réamhrialú ó Hoge Raad der Nederlanden (an Ísiltír) a taisceadh an 11 Feabhra 2026 –
Imeachtaí coiriúla i gcoinne QN**

(Cás C-73/26, Korgen ⁽¹⁾)

(C/2026/2710)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Hoge Raad der Nederlanden

Páirtithe sna príomhimeachtaí

QN

Na ceisteanna a tharchuirtear

1. Ós rud é gur saothraíodh cnáib (*Cannabis sativa* L) i mBallstát den Aontas Eorpach le síol de chineál a liostaítear sa chatalóg choiteann de chineálacha speicis plandaí talmhaíochta dá dtagraítear i dTreoir 2002/53/CE ⁽²⁾, an gcuirtear cosc le dlí an Aontais – go háirithe Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ⁽³⁾, an dara fomhír d'Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 ⁽⁴⁾ agus/nó Airteagail 34 agus 36 CFAE – ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht dá bhforáiltear le Airteagal 11, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 den Opiumwet (an Dlí maidir le hóipiam) ⁽⁵⁾, lena dtoirmiscear, *inter alia*, seilbh cnáibe (neamhphróiseáilte) (*Cannabis sativa* L) agus í a allmhairiú ó Bhallstát eile, a chur i bhfeidhm maidir leis an gcnáib sin?
2. Más freagra diúltach a thabharfar ar an gcéad cheist, an dtugtar le tuiscint leis an gcaoi:
 - (i) gur saothraíodh an chnáib i gcomhréir leis na rialacha a eascraíonn as Airteagail 2 agus 5 de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2022/126 ⁽⁶⁾, go háirithe, na rialacha maidir le fógra a thabhairt faoi shaothrú do na húdaráis ainmnithe, an cineál síl a saothraíodh agus tráth na buainte; agus
 - (ii) nach sáraíonn cion THC na cnáibe sin an tairseach dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 (ag an gcéim seo 0.3 %);go gcuirtear cosc le dlí an Aontais – go háirithe Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, an dara fomhír d'Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus/nó Airteagail 34 agus 36 CFAE – ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht dá bhforáiltear le hAirteagal 11 den Opiumwet (an Dlí maidir le hóipiam), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de, lena dtoirmiscear, *inter alia*, seilbh cnáibe (neamhphróiseáilte) (*Cannabis sativa* L) agus í a allmhairiú ó Bhallstát eile, a chur i bhfeidhm maidir leis an gcnáib sin?

⁽¹⁾ Is ainm bréige é ainm an cháis seo, Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

⁽²⁾ Treoir 2002/53/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha speicis plandaí talmhaíochta (IO 2002 L 193, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE), Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 671).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO 2021 L 435, lch. 1).

⁽⁵⁾ Is í an reachtaíocht atá i gceist anseo agus thíos an reachtaíocht a bhfuil feidhm aici i gcomhar le hAirteagal 8 den Opiumwet agus Airteagal 12 den Opiumwetbesluit (Rialachán maidir leis Dlí maidir le hóipiam).

⁽⁶⁾ Rialachán Tarmiligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhe 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC)(IO 2022 L 20, lch. 52).

3. Más rud é gur allmhairíodh an chnáib isteach san Ísiltír ó Bhallstát eile den Aontas Eorpach ach nár saothraíodh í i gcomhréir leis na rialacha (maidir le saothrú) a dhíorthaítear ó Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, tá an cheist seo a leanas fós ábhartha:

An gcuirtear cosc le dlí an Aontais – go háirithe Treoracha 2002/53/CE agus 2002/57/CE ⁽⁷⁾, Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus 2021/2115, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 agus/nó Airteagail 35, 36 agus 38 CFAE – ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht dá bhforáiltear le hAirteagal 11 den Opiumwet (an Dlí maidir le hóipiam), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de, lena dtoirmiscítear, *inter alia*, seilbh cnáibe (neamhphróiseáilte) (*Cannabis sativa L*) agus í a allmhairiú, i gcás ina mbaineann na toirmisc sin le cás:

- nach sáraíonn cion THC na cnáibe sin an tairseach dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 4(4). 2 de Rialachán (AE) 2021/2115 (ag an gcéim seo 0.3 %) agus
- go raibh saothrú na cnáibe sin, tráth an tsaothraithe, i gcomhréir leis an reachtaíocht (áitiúil) a bhí i bhfeidhm sa Bhallstát eile?

⁽⁷⁾ Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta plandaí ola agus snáithín a mhargú (IO 2002 L 193, lch. 74).